Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7163/24**

**ECOFIN 260**
**UEM 52**
**SOC 163**
**EMPL 91**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Infheistíochtaí agus athchóirithe sóisialta i gcomhair geilleagair athléimneacha - Infheistíocht i ndaoine chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoi ionchais fáis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht i bhfianaise na díospóireachta beartais ag cruinniú Chomhairle ECOFIN an 12 Márta 2024 dar teideal 'Infheistíocht shóisialta agus athchóirithe sóisialta i gcomhair geilleagair athléimneacha' ar tugadh cuireadh d'Airí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta chuici freisin.

**INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS ATHCHÓIRITHE SÓISIALTA I GCOMHAIR GEILLEAGAIR ATHLÉIMNEACHA**

**– Infheistíocht i ndaoine chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoi ionchais fáis –**

*An comhthéacs socheacnamaíoch*

**Tá aghaidh á tabhairt ag an Aontas ar dhúshlán suntasach iomaíochais, ní hamháin maidir leis an gcaoi a mbímid iomaíoch ar an leibhéal domhanda, ach maidir lenár margadh inmheánach a neartú freisin. Cé gurb í an táirgiúlacht is mó a spreagann iomaíochas agus fás, tá meánfhás na táirgiúlachta marbhánta san Aontas le deich mbliana anuas, mar aon le dúshláin leanúnacha ó thaobh an chostais mhaireachtála de[1].** Tar éis an téarnamh eacnamaíoch a bhí ann i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, coinníodh an fás eacnamaíoch siar in 2023 agus cuireadh tús leis an mbliain 2024 agus geilleagar an Aontais ar bhonn níos laige ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar sin féin, tá margadh saothair an Aontais fós láidir, agus ráta fostaíochta 75.4 % – an leibhéal is airde a bhí ann roimhe – bainte amach in 2023.

**D'ainneoin na dtorthaí dearfacha foriomlána, tá ganntanas saothair agus scileanna roimh na margaí saothair, an ganntanas is airde dá raibh ann.** Is scrogaill iad na ganntanais sin ar an acmhainneacht táirgiúlachta agus fáis, agus ar chlaochlú glas agus digiteach an gheilleagair. Tá gá le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh leordhóthanach ar ghanntanais agus neamhréireanna saothair agus scileanna, ar feadh an aistrithe i dtreo geilleagar digiteach atá neodrach ó thaobh carbóin de san Aontas[2].

---

[1] Féach Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe.
[2] Féach Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

*Infheistíocht i gcaipiteal daonna ar mhaithe le fás cuimsitheach inbhuanaithe*

**Is príomhthosaíocht d'Uachtaránacht na Beilge é aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an iomaíochais agus is dóchúil go mbeidh sé ina phríomhfhócas i gcónaí don chéad chlár oibre straitéiseach eile. Bíonn tionchar diúltach ag ganntanais saothair agus scileanna ar tháirgiúlacht, rud a chuireann bac ar iomaíochas agus ar ionchais fáis eacnamaíoch na hEorpa amach anseo.** Le claochlú glas agus digiteach gheilleagar an Aontais, cruthaítear riachtanais agus dúshláin an-tábhachtach uas-scilithe agus athoiliúna don lucht saothair ó thaobh poist ardcháilíochta agus dálaí oibre de, chun bheith oiriúnach i gcónaí don mhargadh saothair a bheidh ann amach anseo. Mar sin féin, leanann neamhionannais leanúnacha agus éagothromaíochtaí críochacha, maidir le rochtain ar sheirbhísí leasa ghinearálta, oideachas ar ardchaighdeán agus forbairt scileanna, de chosc a chur ar ghrúpaí áirithe sa daonra a n-acmhainneacht iomlán a fhorbairt. Ag an am céanna, mar thoradh ar dhaonra na hEorpa atá ag dul in aois go mear, beidh lucht saothair i bhfad níos lú ann sna blianta amach romhainn, agus beidh impleachtaí diúltacha aige freisin ó thaobh an tsoláthair saothair agus scileanna de, agus tá an tAontas chun deiridh ar limistéir gheografacha eile ó thaobh a bheith in ann oibrithe ardoilte a mhealladh ó thríú tíortha. Chuige sin, tá gá le cuir chuige nuálacha maidir le beartais lena n-aithnítear gur príomhshócmhainn don Eoraip í an infheistíocht i ndaoine.

**I bhfianaise an méid sin, an 28 Samhain 2023, thacaigh an Chomhairle, agus í i bhfoirmíocht EPSO, leis an Tuairim**[3] ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta **maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta** agus ról *filière* Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh. Sainmhínítear infheistíocht shóisialta mar chaiteachas poiblí a bhaineann le hinfheistíochtaí agus athchóirithe[4] a mheastar, anuas ar chuspóirí sóisialta a shaothrú, go dtiocfaidh torthaí astu i dtéarmaí fás eacnamaíoch tríd an tionchar a bheidh acu ar chaipiteal daonna agus táirgiúlacht, lena n-áirítear trí chumas nuálaíochta níos láidre agus trí theicneolaíochtaí nua a ionsú, agus/nó tríd an tsoláthair saothair[5]. Dá bhrí sin, áirítear an méid seo a leanas san infheistíocht shóisialta:

- **Foghlaim ar feadh an tsaoil agus uas-sciliú agus athsciliú** an daonra fásta, rud a thacaíonn le meaitseáil níos fearr idir an t-éileamh ar scileanna agus an soláthar scileanna, agus beidh impleachtaí dearfacha aige sin maidir le comhtháthú agus acmhainneacht fáis sa mhargadh saothair.

---

[3] 15418/2/23.

[4] I réimse na mbeartas scileanna, fostaíochta agus cuimsithe.

[5] Dá bhrí sin, déantar an caiteachas sóisialta a cháiliú mar infheistíocht bunaithe ar a thionchar fáis, rud atá ina ábhar spéise sa nóta seo. Agus an méid sin á dhéanamh, is é an cuspóir atá ann na bearta sóisialta sin a chuireann go díreach leis an bhfás eacnamaíoch a shainaithint. Ní thugann sé sin le tuiscint nach bhfuil an luach céanna ag baint le cineálacha eile caiteachais.

- **Oideachas**, go háirithe **oideachas agus cúram luath-óige atá ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta**, a chabhraíonn le bonn láidir a chur ar fáil le haghaidh tuilleadh foghlama níos déanaí sa saol do gach leanbh agus a éascaíonn, ag an am céanna, rannpháirtíocht a dtuismitheoirí sa mhargadh saothair, go háirithe borradh a chur faoi fhostaíocht na mban.

- **Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair**, lena n-éascaítear dul isteach sa mhargadh saothair chomh maith le meaitseáil post agus poist ardcháilíochta agus lena dtacaítear le haistrithe post (coigeartuithe struchtúracha a dhéanamh níos éasca sa gheilleagar), rud a chothaíonn fás cuimsitheach inbhuanaithe.

- Beartais chun tinneas a bhaineann leis an obair a chosc agus **daoine faoi mhíchumas agus/nó oibrithe a lánpháirtiú sa mhargadh saothair tar éis tinnis**.

- Athchóirithe chun **deighilt an mhargaidh saothair a laghdú** agus athchóirithe ar **chórais cánach agus sochair** chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus poist ardcháilíochta a dhreasú.

*Torthaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sóisialta a thomhas*

**Cé go n-aithnítear an acmhainneacht a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí sóisialta áirithe don fhás eacnamaíoch, is gá imscrúdú níos fearr a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí sin,** a bhraitheann ar a ndearadh sonrach agus ar chomhthéacs an chur chun feidhme. Chun na torthaí sin a chainníochtú, tá gá le huirlisí láidre anailíseacha, sonraí riaracháin agus modheolaíochtaí láidre (mar shampla anailísí *ex ante* agus *ex-post*, meastóireachtaí tionchair fhrithfhíorasacha agus anailísí costais is tairbhe), agus ní i gcónaí a bhíonn an cumas riaracháin ag na Ballstáit iad a dhéanamh. **Tá córais leordhóthanacha faireacháin agus meastóireachta, chomh maith le sonraí mionsonraithe, láidre agus inrochtana, ríthábhachtach chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sóisialta a rianú.**

**Chomh maith leis sin, chun malartú dea-chleachtas agus foghlama frithpháirtí a chur chun cinn, sheol an Bheilg agus an Spáinn**, ag a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh idir mí Iúil 2023 agus mí an Mheithimh 2024, **Meitheal Neamhfhoirmiúil um Infheistíocht Shóisialta (IWGSI) chun feabhas a chur ar an gcomhthuiscint ar thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sóisialta ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an gcomhtháthú sóisialta**[6]. Pléadh dhá phríomhshruth oibre ag an Meitheal:

- Bhain an chéad toradh leis an bhfianaise eimpíreach ar mhicreathorthaí agus macra-thorthaí ó athchóirithe agus infheistíochtaí sóisialta. Faoin sruth oibre sin, dhírigh IWGSI ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, ar oideachas agus cúram na luath-óige agus ar an soláthar seirbhísí;
- Dhírigh an dara toradh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na mbeartas sin. Go háirithe, díríodh sa phlé ar uirlisí measúnaithe tionchair a úsáid agus a bheith ar fáil, ar acmhainneacht staidrimh, agus ar rialachas agus infhaighteacht sonraí.

*Ábharthacht don Seimeastar Eorpach*

**Tá fás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach, cruthú post, cobhsaíocht airgeadais agus airgeadas poiblí fónta** i gcroílár an tSeimeastair Eorpaigh. Is príomhchuspóirí an Aontais iad cóimheasa fiachais agus easnaimh a laghdú go leibhéil stuama agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar chuspóirí fostaíochta agus sóisialta agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus cóineasú aníos á neartú. **Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dearadh maith na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sóisialta a áirithiú agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an bhfás eacnamaíoch, an inbhuanaitheacht fhioscach agus an chothroime shóisialta a thuiscint chun beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta a bheidh ann amach anseo a mhúnlú ar bhealach comhtháite, agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní poiblí, d'fhonn acmhainneacht tháirgiúil ár ngeilleagar a fheabhsú.**

---

6 Ar deireadh, ghlac ionadaithe ó thíortha uile an Aontais páirt i bpléití na Meithle, in éineacht le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó Choiste Pharlaimint na hEorpa um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus le Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha. Iarradh ar chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta a bheith ina gcomhaltaí ón tús, agus tugadh cuireadh d'Uachtarán agus do chathaoirleach an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus an Choiste um Beartas Eacnamaíoch ó mhí na Nollag 2023 ar aghaidh. Tá sintéis de phríomhthorthaí IWGSI le fáil anseo: [https://employment.belgium.be/en/joint-meeting-ecofin-and-epsco-ministers](https://employment.belgium.be/en/joint-meeting-ecofin-and-epsco-ministers).

*Ceisteanna do na hAirí:*

1. Cén tionchar dearfach atá ag athchóirithe agus infheistíochtaí sóisialta ar an bhfás eacnamaíoch agus an inbhuanaitheacht fhioscach, dar leat? Cad iad na hathchóirithe fostaíochta agus sóisialta a rinneadh le déanaí i do Bhallstát a chuir le hacmhainneacht fáis níos airde?

2. Conas is féidir an comhar idir *filières* ECOFIN agus EPSCO a fheabhsú a thuilleadh chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe sóisialta ar an bhfás eacnamaíoch, an inbhuanaitheacht fhioscach agus an comhtháthú sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh?